

Feidhm: Ag iarraidh garanna (neamhfhoirmeálta)

Bileoga: 13.1 agus 13.2

- Scaip **Bileog 13.1.** Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A ar dtús agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Mínigh dóibh go mbaintear úsáid as an Mhodh Ordaitheach sna treoracha sna haonaid teagaisc i gcónaí agus tarraing a n-aird ar na samplaí ar an bhileog.
- Éist leis na samplaí ar fad atá ag an rang agus scríobh ar an chlár dubh iad.
- Abair leo ansin Cuid B a dhéanamh.
- Mínigh dóibh nach ndéantar athrú ar bith ar an bhriathar tar éis ‘Ná’ ach amháin má thosaíonn an briathar le guta. Sa chás seo cuirtear ‘h’ roimh an bhriathar. Bain úsáid as na samplaí faoi Chuid B leis an riail a léiriú.
- Cuid C: Cleachtadh cainte é seo ach tá cuid mhaith samplaí ann le cuidiú leo.
- Iarr orthu triail a bhaint as abairtí úra le horduithe a thabhairt.

- Scaip **Bileog 13.2.** Abair leis na foghlaimeoirí bheith ag obair ina mbeirteanna le brí na bhfocal i gCuid A a aimsiú.
- Nuair atá sé léite acu cuir ceist ar chúpla duine sa rang cad é ábhar an ailt.
- Léigh thusa an píosa ansin leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann gach duine brí na bhfocal sa phíosa.
- Léigh na treoracha faoi Chuid B agus ansin cuir an téip ar siúl.
- Nuair atá sé cloiste ag an rang dhá uair iarr ar chúpla duine na horduithe éagsúla a sholáthar duit. Cuir an téip ar siúl arís ag an phointe seo má tá sé de dhíobháil ar an rang.
- Abair leo Cuid C a dhéanamh ansin agus nuair a bheidh sé déanta pléigh na freagraí leis an rang ar fad.

Feidhm: Ag iarraidh garanna (réasúnta foirmeálta)

Bileoga: 13.3, 13.4 agus 13.4

- Scaip **Bileog 13.3.**
- Cuid A: Abair leis an rang na habairtí a chur in ord foirmiúlachta. Mínigh dóibh cad iad na hamanna a úsáidtear na stíleanna éagsúla.
- Tabhair seans dóibh ansin smaoineamh ar na freagraí cearta.

Oscail an doras!

Ar mhiste leat?

An bhféadfá?

Ceart go leor/Cinnte

Ba mhiste(*I would mind*)/Níor mhiste

D’fhéadfainn/Ní fhéadfainn

- Mínigh dóibh nach gá iad seo a úsáid ach b’fhiú iad a bheith ar eolas acu. Abair leo gur leor ‘cinnte’ mar fhreagra ag an phointe seo.
- Léigh na treoracha faoi Chuid B agus cuir ag obair ina mbeirteanna iad.
- Tar éis roinnt ama abair leo na rólanna a mhalartú.

- Scaip **Bileog 13.4**. Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A le bheith cinnte go dtuigeann siad cad é atá le déanamh acu.
- Caithfidh siad na horduithe a chuala siad ar an mhír éisteachta ar **Bileog 13.2** a scríobh amach níos foirmeálta. Mar shampla:

Glan an tábla

Ar mhiste leat an tábla a ghlanadh?
An bhféadfá an tábla a ghlanadh?

- Iarr ar dhaoine éagsúla sa rang na habairtí a léamh amach duit agus ceartaigh botún ar bith a chloiseann tú.
- Roinn an rang ina mbeirteanna.
- Tabhair **Bileog 13.5(a)** do leath an ranga agus **Bileog 13.5(b)** don leath eile.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile ansin agus **Bileog 13.5(a)** do dhuine amháin agus **Bileog 13.5(b)** don duine eile.
- Mínigh dóibh gur cleachtadh an rólghníomhaíocht seo ar an teanga a úsáidtear sa rang go rímhinic.
- Tabhair tamall dóibh an Ghaeilge a fháil ar gach iarratas atá acu. Bí thusa thart le cuidiú leo.
- Scríobh thusa rudaí ar an chlár dubh le bheith cinnte go bhfuil an Ghaeilge cheart faighte ag gach duine.
- Ansin iarr orthu Cuid A a dhéanamh. Is é an múinteoir atá ag rá na horduithe amach os ard.
- Cuid B: Is é an foghlaimeoir anois atá ag iarraidh garanna ar an mhúinteoir.
- Abair leo rólanna a mhalartú nuair atá siad críochnaithe.

Feidhm: Ag cur in iúl go bhfuil nó nach bhfuil tú sásta gar a dhéanamh do dhuine

Bileoga: 13.6 agus 13.7

- Scaip **Bileog 13.6**. Tabhair seans do na foghlaimeoirí na habairtí faoi Chuid A a léamh le chéile agus pléigh na habairtí leis an rang ar fad.
- Léigh na treoracha faoi Chuid B agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Pléigh na habairtí leis an rang iomlán nuair atá na pictiúir chearta roghnaithe acu.
- Bí cinnte go bhfuil an chiall cheart agus an fuaimniú ceart acu.
- Cuid C: Cuir gach beirt ag obair le chéile arís. Seans atá anseo dóibh cleachtadh a dhéanamh ar an stór focal ar fad atá foghlamtha acu faoi gharanna go dtí seo. Caithfidh siad chomh maith na leithscéalta a thabhairt mar fhreagraí.
- Bí cinnte go nglacann siad sealanna garanna a iarraidh agus na freagraí a thabhairt.
- Iarr ar chúpla duine sa rang sampla a dhéanamh os comhair an ranga do na comhráite a bhí eatarthu.
- Scaip **Bileog 13.7**. Cleachtadh éisteachta ar fad atá anseo.

- Abair leo go gcuirfidh tú an téip ar siúl trí huairé ach go mbeidh spás ann idir gach mír le seans a thabhairt dóibh na freagraí a scríobh.
- Léigh na treoracha faoi Chuid A, B agus C sula gcuireann tú an téip ar siúl.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe pléigh na ceisteanna / freagraí leis an rang ar fad.
- Tabhair spás níos faide don rang idir Cuid A agus Cuid B mar tá na horduithe le scríobh amach arís acu.

Feidhm: Ag iarraidh cead/Ag tabhairt agus ag diúltú cead

Bileoga: 13.8 agus 13.9

- Scaip **Bileog 13.8**. Léigh na habairtí faoi Chuid A ar dtús agus bí cinnte go dtuigeann siad iad.
- Déan druil leis an rang ag úsáid na n-abairtí faoi Chuid A. Iarr ar na foghlaimoirí garanna a iarraidh ortsa le léiriú go dtuigeann siad na habairtí. Mar shampla:
Gabh mo leithscéal, an dtig liom an doras a oscailt?
- Léigh tríd na treoracha faoi Chuid B agus cuir gach beirt ag obair le chéile chun na colúin a cheangal.
- Ansin cuir an téip ar siúl faoi dhó do Chuid C agus iarr orthu a gcuid freagraí a sheiceáil.
- Cuir an téip ar siúl arís dóibh más mian leo é.

- Bíodh na cártaí ar **Bileog 13.9** gearrtha amach agat roimh an rang.
- Bíodh cárta amháin agat do gach foghlaimoir.
- Mínigh dóibh go mbeidh siad ag siúl timpeall an ranga ag iarraidh cead ar dhaoine éagsúla na rudaí atá ar an chárta acu a dhéanamh.
- Beidh daoine ag iarraidh cead orthusan chomh maith agus mar sin beidh orthu na freagraí cearta a thabhairt.
Mar shampla:
 - An dtig liom an fhuinneog a oscailt?
 - Thig cinnte. Tá sé an-te!

- Iarr ar dhaoine sa rang cead a iarraidh ortsa mar réamhchleachtadh.

Feidhm: Ag iarraidh labhairt le duine (ar an ghuthán)

Bileoga: 13.10

- Scaip **Bileog 13.10**. Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo é a dhéanamh.
- Nuair atá na habairtí scríofa acu iarr orthu Cuid B a dhéanamh.
- Ceartaigh na habairtí atá scríofa leis an rang ansin.
- Cuid C: Tabhair seans dóibh a machnamh a dhéanamh faoi na bealaí eile gur féidir leo ceist a chur ag lorg duine ar an ghuthán.

Sampla:

An bhfuil Síle ansin/istigh/san oifig/sa bhaile?
An dtiocfadh liom labhairt le Síle, le do thoil?

- Pléigh na frásaí ar fad leis an rang iomlán ansin agus scríobh ar an chlár dubh na samplaí ar fad a fuair tú.

Feidhm: Ag cur in iúl do dhuine cén fáth nach féidir leis/léi labhairt le duine.

Bileoga: 13.11 agus 13.12

- Scaip **Bileog 13.11**. Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A ar dtús agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Pléigh thusa na focail/na frásaí leis an rang ansin le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart acu.
- Do Chuid B léigh na treoracha agus na rólanna leo le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile ansin agus iarr orthu na rólghníomhaíochtaí a dhéanamh ag úsáid an eolais faoi Chuid A agus an eolais ar **Bileog 13.10**.
- Iarr orthu na rólanna a mhalartú ansin le cleachtadh maith a fháil.
- Cuir ceist ar chúpla péire sa rang cúpla rólghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga.
- Scaip **Bileog 13.12**. Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A ar dtús.
- Míneigh dóibh go gcaithfidh siad uimhir a chur in aice le gach pictiúr le hord na gcomhráite ar an téip a léiriú. Cuirtear (1) in aice le ‘as láthair’ mar is é an chéad chomhrá ar an téip ná:

-An dtig liom labhairt le Síle, le do thoil?

-Tá brón orm ach tá sí as láthair.

- Cuir an téip ar siúl faoi dhó don rang.
- Ceartaigh ansin Cuid A leis an rang sula mbogann siad ar aghaidh go dtí Cuid B.
- Léigh na treoracha faoi Chuid B agus iarr orthu na freagraí a scríobh.
- Pléigh na freagraí leis an rang ar fad nuair a bheidh siad críochnaithe.

Feidhm: Nótaí gearra ina bhfuil gar nó cead á n-iarraidh a thuiscint

Bileoga: 13.13

- Scaip **Bileog 3.13**. Míneigh don rang gur nótaí gearra iad seo ag iarraidh garanna.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile leis na mínithe a phlé le chéile.
- Abair leo ciorcal a chur thart ar gach briathar atá sa Mhodh Ordaitheach.
- Léigh tríd na nótaí leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann siad iad.

Feidhm: Garanna simplí agus cead a iarraidh i bhfoirm scríofa
Bileoga: 13.14

- Scaip **Bileog 3.14**. Míneigh don rang gur cleachtadh scríbhneoireachta é seo.
- Cuid A: Iarr orthu dhá nóta bheaga shimplí a scríobh bunaithe ar na nótaí ar **Bileog 13.13**.
- Ceartaigh na nótaí a scríobh gach duine sula mbogann siad ar aghaidh go dtí Cuid B.
- Cuid B: Iarr orthu labhairt le cúpla duine sa rang agus a gcuid nótaí a léamh amach dóibh.
- Ní chaithfidh siad mórán a scríobh faoi Chuid C. Abairt bheag shimplí, mar shampla:
Duine 1: Tabhair bia don leanbh
- Iarr ar dhaoine éagsúla sa rang a nótaí a léamh amach os ard.